# Corpoideachas




| An Corpoideachas (fir) | Sampla | Míniú ar an riail ghramadaí |
|---|---|---|
| An tuiseal ainmneach / cuspóireach | Is maith liom **an corpoideachas**. | Níl aon séimhiú ar **an corpoideachas** mar gur ainmfhocal firinscneach é. |
| An tuiseal tabharthach  | Tá luí agam **leis an gcorpoideachas**. | **Réamhfhocal + an + urú ar chonsan** (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + urú ar chonsan) **Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta**. |
| | Tá luí agam **leis an chorpoideachas**. | **Réamhfhocal + an + séimhiú ar chonsan** (leis an, faoin, ón, ag an, roimh an + séimhiú ar chonsan) **Réamhfhocal + an + gan aon rud roimh ghuta**. |
| An tuiseal ginideach | Is í an tsláinte **aidhm an chorpoideachais**. | Athraíonn **an corpoideachas** go dtí **an chorpoideachais** sa tuiseal ginideach. Cuirimid séimhiú ar an gcéad chonsan agus déanaimid deireadh an fhocail caol, cuirimid **i** isteach. Sampla eile, **an cás** > tús **an cháis**. |

## EOCHAIRFHOCAIL DON CHORPOIDEACHAS

| | |
|---|---|
| **A** | |
| Amú  | Briathar a chuireann síos ar thomhas a dhéanamh ar an méid ama a thógann sé chun scil nó tasc a dhéanamh taobh istigh d'am oiriúnach. |
| **B** | |
| Brú Aníos  | Úsáid a bhaint as matáin na lámh chun an brollach a bhrú síos i dtreo an talaimh agus ar ais arís. |
| **C** | |
| Cabhail (aclaíocht chabhlach)  | Corp an duine gan an ceann ná na géaga. Ciallaíonn **aclaíocht chabhlach** neartú na matán i lár do choirp, timpeall ar do bholg. |

| | |
|---|---|
| **C** (ar lean) | |
| Cinéistéiseach (gluaiseacht chinéistéiseach) | Úsáid a bhaint as na matáin agus na cnámha chun gluaiseacht choirp a chur i bhfeidhm. |
| Ciorcad  | Seit gníomhaíochtaí coirp a dhéanamh i ndiaidh a chéile in am faoi leith. |
| An cliathán | Spás ar an bpáirc imeartha in aice leis an taobhlíne. |
| An cliathrás  | Rás ina léimeann an lúthchleasaí thar chliatha agus é/í ag rith. |
| Colpa  | An áit ar chúl do choise idir do ghlúin agus do rúitín. Tá matáin an cholpa anseo. |
| Corpoideachas | Ábhar scoile ina bhfoghlaimíonn scoláirí conas aire a thabhairt don chorp trí spóirt agus gníomhaíochta éagsúla a dhéanamh. |
| Crágshnámh cúil agus tosaigh  | Teicníc shnámha ina snámhann an snámhaí chun tosaigh lena aghaidh ag breathnú síos san uisce nó suas i dtreo na spéire. |
| Cruinneas | Scil a chomhlíonadh tríd an sprioc a bhaint amach. |
| **D** | |
| | |
| **E** | |
| Eitpheil  | Spórt ina mbuaileann imreoir liathróid thar líontán ag baint úsáid as na lámha. |
| **F** | |
| An freastal/An tseirbhís  | An chéad bhuille den liathróid i gcluiche cúirte. |
| Freasúra | An t-imreoir nó an fhoireann eile i gcomórtas. |
| An frithionsaí | Ionsaí tapa a thosú nuair a chailleann an fhoireann/imreoir eile seilbh. |

| | |
|---|---|
| **G/H** | |
| Gróigeadh  | Gluaiseacht choirp ina n-íslítear cúl na gcos anuas agus ar ais suas go smachtaithe. |
| **I/J/K** | |
| | |
| **L** | |
| Lámhsheasamh  | Gluaiseacht choirp ina mbíonn an corp bunoscionn i líne dhíreach, ag baint úsáid as na lámha chun meáchan an choirp a thógáil, agus fanacht mar sin. |
| Luasghéarú | Éirí níos tapúla. |
| **M/N/O/P/Q** | |
| | |
| **R** | |
| Ráib  | Rith chomh tapa agus is féidir. Go minic, déanaimid ráib ag deireadh rás níos faide. |
| Rás Sealaíochta | Rás foirne ina ngluaiseann lúthchleasaí amháin ag an am. Is minic a bhíonn bata le tabhairt don chéad duine eile. |
| Rothchasadh/ Cleas an Rotha  | Gluaiseacht choirp ina gcasann duine bunoscionn go taobhach, na lámha ag tógáil mheáchan an choirp. Críochnaíonn an duine ina sheasamh. |
| **S** | |
| An tsaorstíl | Damhsa gan stíl faoi leith. |
| Seánra | Stíl nó saghas ceol áirithe don damhsa. |
| Seilbh  | Smacht ag foireann/imreoir ar an liathróid i rith cluiche. |
| Siméadrach | Gluaiseacht a chruthaíonn an cruth céanna ar dheis agus ar chlé. |
| Sraith | Seit gluaiseachtaí agus scileanna i ndiaidh a chéile. |
| Suí Aniar  | Gluaiseacht a thosaíonn agus tú i do luí, suíonn tú suas agus ansin titeann an cloigeann agus uachtar an choirp siar, ag baint úsáid as matáin na cabhlach chun an ghluaiseacht a smachtú. |

| | |
|---|---|
| **T** | |
| Tarraingt na Téide  | Comórtas ina bhfuil dhá fhoireann ina iomaíocht le chéile chun téad a tharraingt thar líne faoi leith. |
| Teannáin na hioscaide | Matáin ar chúl na gcos ó na cromáin síos go dtí na glúine. |
| An tumadóireacht  | An scil ina léimeann an lúthchleasaí ó ardán isteach san uisce. |
| **U** | |
| | |

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |